



An Bhruiséil, 14 Iúil 2025
(OR. en)

11573/25
ADD 1

DRS 70

NÓTA CLÚDAIGH

ó:	Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir
dáta a fuarthas:	11 Iúil 2025
chuig:	Thérèse BLANCHET, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh
Uimh. an doic. ón gCoim.:	C(2025) 4812 annex
Ábhar:	IARSCRÍBHINN a ghabhann le Rialachán Tarmligthe (AE) .../... ón gCoimisiún lena leasaítear Rialachán Tarmligthe (AE) 2023/2772 a mhéid a bhaineann le dáta chur i bhfeidhm na gceanglas maidir le nochtadh a chur siar le haghaidh gnóthais áirithe

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad C(2025) 4812 annex.

Faoi iamh: C(2025) 4812 annex



AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 11.7.2025
C(2025) 4812 final

ANNEX

IARSCRÍBHINN

a ghabhann le

Rialachán Tarmligthe (AE) .../... ón gCoimisiún

lena leasaítear Rialachán Tarmligthe (AE) 2023/2772 a mhéid a bhaineann le dáta chur i bhfeidhm na gceanglas maidir le nochtadh a chur siar le haghaidh gnóthais áirithe

IARSCRÍBHINN

Leasaítear Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán Tarmligthe (AE) 2023/2772 mar a leanas:

- (1) in ESRS 1, Foscríbhinn C, cuirtear an méid seo a leanas in ionad ‘Liosta de Cheanglais maidir le Nochtadh atá céimnithe isteach’:

‘Foscríbhinn C

Liosta de Cheanglais maidir le Nochtadh atá céimnithe isteach

Is dlúthchuid de ESRS 1 í an fhoscríbhinn seo agus tá an t-údarás céanna aici agus atá ag na codanna eile den Chaighdeán.

ESRS	Ceanglas maidir le Nochtadh	Ainm iomlán an Cheanglais maidir le Nochtadh	Dáta céimnithe isteach nó dáta éifeachtach (lena n-áirítear an chéad bhliain)
ESRS 2	SBM-1	Straitéis, samhail ghnó agus slabhra luacha	Tuairisceoidh an gnóthas an fhaisnéis a fhorordaítear le ESRS 2 SBM-1 mír 40 (b) (miondealú ar ioncam iomlán de réir earnáil shuntasach ESRS) agus 40(c) (liosta de na hearnálacha móra breise ESRS) ag tosú ón dáta cur i bhfeidhm a shonraítear i nGníomh Tarmligthe ón gCoimisiún atá le glacadh de bhun Airteagal 29b(1) an tríú fomhír, pointe (ii), de Threoir 2013/34/AE.
ESRS 2	SBM-3	Tionchair, rioscaí agus deiseanna ábhartha agus a n-idirghníomhaíocht le straitéis agus samhail ghnó	Féadfaidh an gnóthas an fhaisnéis arna forordú le ESRS 2 SBM-3, mír 48(e), (éifeachtaí airgeadais a bhfuil coinne leo) a fhágáil ar lár ar feadh na chéad bhliana d’ullmhú a ráitis inbhuanaitheachta. De mhaolú ar an gcéad abairt, féadfaidh gnóthais dá dtagraítear in Airteagal 5(2), an chéad fhomhír, pointe (a), agus an tríú fomhír, pointe (a), de Threoir (AE) 2022/2464 an fhaisnéis arna forordú le ESRS 2 SBM-3 mír 48(e) (éifeachtaí airgeadais a bhfuil coinne leo) a fhágáil ar lár ar feadh na chéad 3 bliana d’ullmhú a ráitis inbhuanaitheachta. Féadfaidh an gnóthas ESRS 2 SBM-3, mír 48 (e), a chomhlíonadh trí nochtaí cáilíochtúla a thuairisciú, agus iad sin

			amháin, ar feadh na chéad 3 bliana d'ullmhú a ráitis inbhuanaitheachta, má bhíonn sé dodhéanta nochtaí cainníochtúla a ullmhú.
ESRS E1	E1-6	Oll-astaíochtaí Scóip 1, 2, 3 agus Iomlán na n-astaíochtaí GCT	Gnóthais nó grúpaí nach sáraíonn ar a ndátaí dúnta cuntais an meánlíon 750 fostaí le linn na bliana airgeadais (ar bhonn comhdhlúite i gcás inarb infheidhme), féadfaidh siad na pointí sonraí maidir le hastaíochtaí scóip 3 agus iomlán na n-astaíochtaí GCT a fhágáil ar lár ar feadh na chéad bhliana d'ullmhú a ráitis inbhuanaitheachta. De mhaolú ar an gcéad abairt, maidir le gnóthais dá dtagraítear in Airteagal 5(2), an chéad fhomhír, pointe (a), agus an tríú fhomhír, pointe (a), de Threoir (AE) 2022/2464 nach sáraíonn ar a ndátaí dúnta cuntais an meánlíon 750 fostaí le linn na bliana airgeadais (ar bhonn comhdhlúite i gcás inarb infheidhme), féadfaidh siad na pointí sonraí maidir le hastaíochtaí scóip 3 agus iomlán na n-astaíochtaí GCT a fhágáil ar lár ar feadh na chéad 3 bliana d'ullmhú a ráitis inbhuanaitheachta.
ESRS E1	E1-9	Éifeachtaí airgeadais a bhfuil coinne leo ó rioscaí fisiceacha ábhartha agus rioscaí aistrithe ábhartha agus deiseanna ionchasacha a bhaineann leis an aeráid	Féadfaidh an gnóthas an fhaisnéis arna forordú le ESRS E1-9 a fhágáil ar lár ar feadh na chéad bhliana d'ullmhú a ráitis inbhuanaitheachta. De mhaolú ar an gcéad abairt, féadfaidh gnóthais dá dtagraítear in Airteagal 5(2), an chéad fhomhír, pointe (a), agus an tríú fhomhír, pointe (a), de Threoir (AE) 2022/2464 an fhaisnéis arna forordú le ESRS E1-9 a fhágáil ar lár ar feadh na chéad 3 bliana d'ullmhú a ráitis inbhuanaitheachta. Féadfaidh an gnóthas ESRS E1-9 a chomhlíonadh trí nochtaí cáilíochtúla a thuairisciú, agus iad sin amháin, ar feadh na chéad 3 bliana d'ullmhú a ráitis

			inbhuanaitheachta, má bhíonn sé dodhéanta nochtaí cainníochtúla a ullmhú.
ESRS E2	E2-6	Éifeachtaí airgeadais a bhfuil coinne leo ó rioscaí agus deiseanna a bhaineann le truailliú	Féadfaidh an gnóthas an fhaisnéis arna forordú le ESRS E2-6 a fhágáil ar lár ar feadh na chéad bhliana d'ullmhú a ráitis inbhuanaitheachta. De mhaolú ar an gcéad abairt, féadfaidh gnóthais dá dtagraítear in Airteagal 5(2), an chéad fhomhír, pointe (a), agus an tríú fhomhír, pointe (a), de Threoir (AE) 2022/2464 an fhaisnéis arna forordú le ESRS E2-6 a fhágáil ar lár ar feadh na chéad 3 bliana d'ullmhú a ráitis inbhuanaitheachta. Seachas an fhaisnéis arna forordú le mír 40(b) maidir leis an gcaiteachas oibriúcháin agus caiteachas caipitiúil a rinneadh sa tréimhse thuairiscithe i gcomhar le mórtheagmhais agus taiseí, féadfaidh an gnóthas ESRS E2-6 a chomhlíonadh trí nochtaí cáilíochtúla a thuairisciú, agus iad sin amháin, ar feadh na chéad 3 bliana d'ullmhú a ráitis inbhuanaitheachta.
ESRS E3	E3-5	Éifeachtaí airgeadais a bhfuil coinne leo ó rioscaí agus deiseanna a bhaineann le huisce agus acmhainní mairí	Féadfaidh an gnóthas an fhaisnéis arna forordú le ESRS E3-5 a fhágáil ar lár ar feadh na chéad bhliana d'ullmhú a ráitis inbhuanaitheachta. De mhaolú ar an gcéad abairt, féadfaidh gnóthais dá dtagraítear in Airteagal 5(2), an chéad fhomhír, pointe (a), agus an tríú fhomhír, pointe (a), de Threoir (AE) 2022/2464 an fhaisnéis arna forordú le ESRS E3-5 a fhágáil ar lár ar feadh na chéad 3 bliana d'ullmhú a ráitis inbhuanaitheachta. Féadfaidh an gnóthas ESRS E3-5 a chomhlíonadh trí nochtaí cáilíochtúla a thuairisciú, agus iad sin amháin, ar feadh na chéad 3 bliana d'ullmhú a ráitis inbhuanaitheachta.

ESRS E4	Gach ceanglas maidir le nochtadh	Gach ceanglas maidir le nochtadh	Gnóthais nó grúpaí nach sáraíonn ar a ndátaí dúnta cuntais an meánlíon 750 fostaí le linn na bliana airgeadais (ar bhonn comhdhlúite i gcás inarb infheidhme), féadfaidh siad an fhaisnéis a shonraítear sna ceanglais maidir le nochtadh in ESRS E4 a fhágáil ar lár ar feadh an chéad 2 bhliain d’ullmhú a ráitis inbhuanaitheachta. De mhaolú ar an gcéad abairt, féadfaidh gnóthais dá dtagraítear in Airteagal 5(2), an chéad fhomhír, pointe (a), agus an tríú fhomhír, pointe (a), de Threoir (AE) 2022/2464 an fhaisnéis a shainaithnítear sna ceanglais maidir le nochtadh in ESRS E4 a fhágáil ar lár ar feadh na chéad 3 bliana d’ullmhú a ráitis inbhuanaitheachta.
ESRS E4	E4-6	Éifeachtaí airgeadais a bhfuil coinne leo ó rioscaí agus deiseanna a bhaineann le bithéagsúlacht agus éiceachóras	Féadfaidh an gnóthas an fhaisnéis arna forordú le ESRS E4-6 a fhágáil ar lár ar feadh na chéad bhliana d’ullmhú a ráitis inbhuanaitheachta. Féadfaidh an gnóthas ESRS E4-6 a chomhlíonadh trí nochtáí cáilíochtúla a thuairisciú, agus iad sin amháin, ar feadh na chéad 3 bliana d’ullmhú a ráitis inbhuanaitheachta.
ESRS E5	E5-6	Éifeachtaí airgeadais a bhfuil coinne leo ó rioscaí agus deiseanna a bhaineann le húsáid acmhainní agus an geilleagar ciorclach	Féadfaidh an gnóthas an fhaisnéis arna forordú le ESRS E5-6 a fhágáil ar lár ar feadh na chéad bhliana d’ullmhú a ráitis inbhuanaitheachta. De mhaolú ar an gcéad abairt, féadfaidh gnóthais dá dtagraítear in Airteagal 5(2), an chéad fhomhír, pointe (a), agus an tríú fhomhír, pointe (a), de Threoir (AE) 2022/2464 an fhaisnéis arna forordú le ESRS E5-6 a fhágáil ar lár ar feadh na chéad 3 bliana d’ullmhú a ráitis inbhuanaitheachta. Féadfaidh an gnóthas ESRS E5-6 a chomhlíonadh trí nochtáí cáilíochtúla a thuairisciú, agus iad sin amháin, ar feadh na chéad 3 bliana d’ullmhú a ráitis inbhuanaitheachta.

			inbhuanaitheachta.
ESRS S1	Gach ceanglas maidir le nochtadh	Gach ceanglas maidir le nochtadh	Gnóthais nó grúpaí nach sáraíonn ar a ndátaí dúnta cuntais an meánlíon 750 fostaí le linn na bliana airgeadais (ar bhonn comhdhlúite i gcás inarb infheidhme), féadfaidh siad an fhaisnéis a shonraítear sna ceanglais maidir le nochtadh in ESRS S1 a fhágáil ar lár ar feadh na chéad bhliana d'ullmhú a ráitis inbhuanaitheachta. De mhaolú ar an gcéad abairt, maidir le gnóthais dá dtagraítear in Airteagal 5(2), an chéad fhomhír, pointe (a), agus an tríú fhomhír, pointe (a), de Threoir (AE) 2022/2464 nach sáraíonn ar a ndátaí dúnta cuntais an meánlíon 750 fostaí le linn na bliana airgeadais (ar bhonn comhdhlúite i gcás inarb infheidhme), féadfaidh siad an fhaisnéis a shonraítear sna ceanglais maidir le nochtadh in ESRS S1 a fhágáil ar lár ar feadh na chéad 3 bliana d'ullmhú a ráitis inbhuanaitheachta.
ESRS S1	S1-7	Saintréithe oibrithe neamhfhostaithe i lucht saothair dílis an ghnóthais	Féadfaidh an gnóthas tuairisciú a fhágáil ar lár le haghaidh na bpointí sonraí uile sa Cheanglas maidir le Nochtadh sin ar feadh na chéad bhliana d'ullmhú a ráitis inbhuanaitheachta. De mhaolú ar an gcéad abairt, féadfaidh gnóthais dá dtagraítear in Airteagal 5(2), an chéad fhomhír, pointe (a), agus an tríú fhomhír, pointe (a), de Threoir (AE) 2022/2464 an tuairisciú le haghaidh na bpointí sonraí uile sa Cheanglas maidir le Nochtadh sin a fhágáil ar lár ar feadh na chéad 3 bliana d'ullmhú a ráitis inbhuanaitheachta.
ESRS S1	S1-8	Cumhdach na cómhargála agus idirphlé sóisialta	Féadfaidh an gnóthas an Ceanglas maidir le Nochtadh sin a fhágáil ar lár maidir lena fhostaithe féin i dtíortha nach tíortha LEE iad ar feadh na chéad bhliana d'ullmhú a ráitis inbhuanaitheachta. De mhaolú ar an gcéad abairt, féadfaidh gnóthais dá

			dtagraítear in Airteagal 5(2), an chéad fhomhír, pointe (a), agus an tríú fhomhír, pointe (a), de Threoir (AE) 2022/2464 an Ceanglas maidir le Nochtadh sin a fhágáil ar lár maidir lena fhostaithe féin i dtíortha nach tíortha LEE iad ar feadh na chéad 3 bliana d’ullmhú a ráitis inbhuanaitheachta.
ESRS S1	S1-11	Cosaint shóisialta	Féadfaidh an gnóthas an fhaisnéis arna forordú le ESRS S1-11 a fhágáil ar lár ar feadh na chéad bhliana d’ullmhú a ráitis inbhuanaitheachta. De mhaolú ar an gcéad abairt, féadfaidh gnóthais dá dtagraítear in Airteagal 5(2), an chéad fhomhír, pointe (a), agus an tríú fhomhír, pointe (a), de Threoir (AE) 2022/2464 an fhaisnéis arna forordú le ESRS S1-11 a fhágáil ar lár ar feadh na chéad 3 bliana d’ullmhú a ráitis inbhuanaitheachta.
ESRS S1	S1-12	Daoine faoi mhíchumas	Féadfaidh an gnóthas an fhaisnéis arna forordú le ESRS S1-12 a fhágáil ar lár ar feadh na chéad bhliana d’ullmhú a ráitis inbhuanaitheachta. De mhaolú ar an gcéad abairt, féadfaidh gnóthais dá dtagraítear in Airteagal 5(2), an chéad fhomhír, pointe (a), agus an tríú fhomhír, pointe (a), de Threoir (AE) 2022/2464 an fhaisnéis arna forordú le ESRS S1-12 a fhágáil ar lár ar feadh na chéad 3 bliana d’ullmhú a ráitis inbhuanaitheachta.
ESRS S1	S1-13	Oiliúint agus forbairt scileanna	Féadfaidh an gnóthas an fhaisnéis arna forordú le ESRS S1-13 a fhágáil ar lár ar feadh na chéad bhliana d’ullmhú a ráitis inbhuanaitheachta. De mhaolú ar an gcéad abairt, féadfaidh gnóthais dá dtagraítear in Airteagal 5(2), an chéad fhomhír, pointe (a), agus an tríú fhomhír, pointe (a), de Threoir (AE) 2022/2464 an fhaisnéis arna forordú le ESRS S1-13 a fhágáil ar lár ar feadh na chéad 3 bliana d’ullmhú a ráitis inbhuanaitheachta.

			inbhuanaitheachta.
ESRS S1	S1-14	Sláinte agus sábháilteacht	Féadfaidh an gnóthas na pointí sonraí maidir le cásanna drochshláinte a bhaineann leis an obair agus maidir leis an líon laethanta a cailleadh de dheasca gortuithe, timpistí, básanna agus drochshláinte a bhaineann leis an obair a fhágáil ar lár ar feadh na chéad bhliana d'ullmhú a ráitis inbhuanaitheachta. De mhaolú ar an gcéad abairt, féadfaidh gnóthais dá dtagraítear in Airteagal 5(2), an chéad fhomhír, pointe (a), agus an tríú fhomhír, pointe (a), de Threoir (AE) 2022/2464 na pointí sonraí maidir le cásanna drochshláinte a bhaineann leis an obair agus maidir leis an líon laethanta a cailleadh de dheasca gortuithe, timpistí, básanna agus drochshláinte a bhaineann leis an obair a fhágáil ar lár ar feadh na chéad 3 bliana d'ullmhú a ráitis inbhuanaitheachta.
ESRS S1	S1-14	Sláinte agus sábháilteacht	Féadfaidh an gnóthas tuairisciú ar dhaoine nach fosaithe iad a fhágáil ar lár ar feadh na chéad bhliana d'ullmhú a ráitis inbhuanaitheachta. De mhaolú ar an gcéad abairt, féadfaidh gnóthais dá dtagraítear in Airteagal 5(2), an chéad fhomhír, pointe (a), agus an tríú fhomhír, pointe (a), de Threoir (AE) 2022/2464 tuairisciú ar dhaoine nach fosaithe iad a fhágáil ar lár ar feadh na chéad 3 bliana d'ullmhú a ráitis inbhuanaitheachta.
ESRS S1	S1-15	Cothromaíocht oibre agus saoil	Féadfaidh an gnóthas an fhaisnéis arna forordú le ESRS S1-15 a fhágáil ar lár ar feadh na chéad bhliana d'ullmhú a ráitis inbhuanaitheachta. De mhaolú ar an gcéad abairt, féadfaidh gnóthais dá dtagraítear in Airteagal 5(2), an chéad fhomhír, pointe (a), agus an tríú fhomhír, pointe (a), de Threoir (AE) 2022/2464 an fhaisnéis arna forordú le ESRS S1-

			15 a fhágáil ar lár ar feadh na chéad 3 bliana d'ullmhú a ráitis inbhuanaitheachta.
ESRS S2	Gach ceanglas maidir le nochtadh	Gach ceanglas maidir le nochtadh	Gnóthais nó grúpaí nach sáraíonn ar a ndátaí dúnta cuntais an meánlíon 750 fostaí le linn na bliana airgeadais (ar bhonn comhdhlúite i gcás inarb infheidhme), féadfaidh siad an fhaisnéis a shonraítear sna ceanglais maidir le nochtadh in ESRS S2 a fhágáil ar lár ar feadh an chéad 2 bhliain d'ullmhú a ráitis inbhuanaitheachta. De mhaolú ar an gcéad abairt, féadfaidh gnóthais dá dtagraítear in Airteagal 5(2), an chéad fhomhír, pointe (a), agus an tríú fhomhír, pointe (a), de Threoir (AE) 2022/2464 an fhaisnéis a shonraítear sna ceanglais maidir le nochtadh in ESRS S2 a fhágáil ar lár ar feadh na chéad 3 bliana d'ullmhú a ráitis inbhuanaitheachta.
ESRS S3	Gach ceanglas maidir le nochtadh	Gach ceanglas maidir le nochtadh	Gnóthais nó grúpaí nach sáraíonn ar a ndátaí dúnta cuntais an meánlíon 750 fostaí le linn na bliana airgeadais (ar bhonn comhdhlúite i gcás inarb infheidhme), féadfaidh siad an fhaisnéis a shonraítear sna ceanglais maidir le nochtadh in ESRS S3 a fhágáil ar lár ar feadh an chéad 2 bhliain d'ullmhú a ráitis inbhuanaitheachta. De mhaolú ar an gcéad abairt, féadfaidh gnóthais dá dtagraítear in Airteagal 5(2), an chéad fhomhír, pointe (a), agus an tríú fhomhír, pointe (a), de Threoir (AE) 2022/2464 an fhaisnéis a shonraítear sna ceanglais maidir le nochtadh in ESRS S3 a fhágáil ar lár ar feadh na chéad 3 bliana d'ullmhú a ráitis inbhuanaitheachta.
ESRS S4	Gach ceanglas maidir le nochtadh	Gach ceanglas maidir le nochtadh	Gnóthais nó grúpaí nach sáraíonn ar a ndátaí dúnta cuntais an meánlíon 750 fostaí le linn na bliana airgeadais (ar bhonn comhdhlúite i gcás inarb infheidhme), féadfaidh siad an fhaisnéis a shonraítear sna ceanglais maidir le

			nochtadh in ESRS S4 a fhágáil ar lár ar feadh an chéad 2 bhliain d’ullmhú a ráitis inbhuanaitheachta. De mhaolú ar an gcéad abairt, féadfaidh gnóthais dá dtagraítear in Airteagal 5(2), an chéad fhomhír, pointe (a), agus an tríú fhomhír, pointe (a), de Threoir (AE) 2022/2464 an fhaisnéis a shonraítear sna ceanglais maidir le nochtadh in ESRS S4 a fhágáil ar lár ar feadh na chéad 3 bliana d’ullmhú a ráitis inbhuanaitheachta.
--	--	--	---

’;

- (2) in ESRS 2, roinn 17, cuirtear an méid seo a leanas in ionad na foclaíochta réamhráití:

‘Má fhágann gnóthas nó grúpa an fhaisnéis a cheanglaítear le ESRS E4, ESRS S1, ESRS S2, ESRS S3 nó ESRS S4 ar lár i gcomhréir le rónna Fhoscríbhinn C a ghabhann le ESRS 1 ina léirítear ‘Gach ceanglas maidir le nochtadh’ sa cholún ‘Ainm iomlán an Cheanglais maidir le Nochtadh’, nochtfaidh sé mar sin féin cé acu a measadh nó nár measadh na topaicí inbhuanaitheachta a chumhdaítear le ESRS E4, ESRS S1, ESRS S2, ESRS S3 agus ESRS S4 faoi seach a bheith ábhartha de thoradh mheasúnú ábharthachta an ghnóthais. Ina theannta sin, má tá measúnú déanta ar cheann amháin nó níos mó de na topaicí sin a bheith ábhartha, déanfaidh an gnóthas an méid seo a leanas, i gcás gach topaice ábhartha:’.